

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí



**SCÉIM na hINSTITIÚIDE TEICNEOLAÍOCHTA THRÁ LÍ
2010 – 2013
Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Clár Ábhar

Leathanach

Caibidil 1	Réamheolas / Cúlra	3
1.1	Dáta Tosaigh na Scéime	3
1.2	Ullmhú na Scéime	3
1.3	Cumas Teanga	4
1.4	Forbhreathnú ar ITT	4
Caibidil 2	Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta na hInstitiúide	8
Caibidil 3	Achoimre ar Sheirbhísí/Gníomhaíochtaí atá á Soláthar ag na Ranna	12
3.1	Réamheolas	12
3.2	Oifig an Chláraitheora	14
3.3	An Oifig Forbraíochta	15
3.4	Na Scoileanna Staidéir	15
3.5	Oifig an Rúnaí/an Rialtóir Airgeadais	16
Caibidil 4	Monatóireacht agus Athmheas	17
Caibidil 5	Poibliú na Scéime Comhaontaithe	18
Aguisín		19

Caibidil 1

Réamheolas / Cúlra

Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí a d'ullmhaigh an scéim seo faoi *Alt 11* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (dá nglaofar "an tAcht" as seo amach). In *Alt 11 den Acht* foráiltear go gcaithfidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil a ullmhú ina dtugtar mionchuntas ar na seirbhísí a chuirfidh an Comhlacht ar fáil;

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

i dteannta na mbearta a dhéanfar chun a chinntiú go gcuirfidh an comhlacht seirbhís ar bith nach bhfuil á cur ar fáil aige trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

1.1 Dáta Tosaigh na Scéime

Dhaingnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta an scéim seo. Tosnóidh an scéim le héifeacht ón 18ú Deireadh Fómhair 2010 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo, é seo, nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun *Alt 15* den Acht, pé acu is túsce.

1.2 Ullmhú na Scéime

In *Alt 12* den Acht foráiltear go soláthróidh an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta treoirlínte agus go n-eiseofar iad do chomhlachtaí poiblí mar chúnamh dóibh agus dréachtscéimeanna á n-ullmhú acu. Ceapadh an scéim seo de réir na dtreoirlínte seo.

Ceapadh an scéim seo tar éis don Institiúid dul i gcomhairle leis na mic léinn, leis an bhfoireann agus le luchtanna leasa ionadacha.

I gcomhréir leis an scéim tá na nithe seo a leanas déanta ag an Institiúid:

- D'fhoilsigh sí fógraí poiblí sna nuachtáin seo a leanas: Clare Champion ar an 3ú Lúnasa 2006, Limerick Leader ar an 3ú Lúnasa 2006, Kerry's Eye ar an 3ú Lúnasa 2006 agus san Irish Examiner ar an 4ú Lúnasa 2006 chun aighneachtaí a lorg i ndáil le hullmhú dréachtscéime ó pháirtithe leasmhara ar bith faoi *Alt 11*. Tá na freagraí a fuarthas mar thoradh ar na fógraí poiblí foilsithe ar <http://www.ittralee.ie/ITTIInfo/FindaDocument/OfficalLanguagesAct/>
- Scríobh sí litir chuig treoirchomhairleoirí ina scoilcheantar, is é sin, Ciarraí, Iarthar Luimní, Deisceart an Chláir agus Iarthar Chorcaí chun aighneachtaí a lorg.
- Lorgaíodh moltaí ónár gcuideachta aistriúcháin - Ionad Foghlama Chléire.
- Bhí cruinniú againn le hionadaí ó Oidreacht Chorca Dhuibne ar an 27ú Iúil 2006 chun plean forbraíochta trí bliana a ullmhú lena gcúnamhsan chun a áirithiú go mbeidh an tseirbhís riachtanach á cur ar fáil againn do na custaiméirí siúd ar mhian leo gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge. Leagfar béim ar leith sa scéim seo ar Oifig an Chláraitheora ina n-áirítear an Oifig Iontrála, Oifig na Scrúduithe agus na Seirbhísí do Mhic Léinn. Meastar go bhfaigheann Oifig an Chláraitheora 80% de na fiosruithe ón bpobal. Tá réimsí sonraithe d'Oifig an Chláraitheora nach ndíreofar an scéim seo orthu i dtosach, áfach, réimsí ar nós Comhairleoireacht, Tacaíocht Disléicse agus seirbhísí eile nach iad toisc nádúr na hoibre a ghabhann leo a bheith thar a bheith teicniúil.

- Tugadh cuireadh do na heagraíochtaí seo a leanas aighneachtaí a chur isteach chugainn:
 - Seirbhísí Oideachais Chiarraí (Coiste Gairmoideachais Chiarraí)
 - Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir
 - Coiste Gairmoideachais Luimní
 - Coiste Gairmoideachais Chorcaí
 - An tAire Oideachais agus Eolaíochta
 - Fiontar Éireann
 - Fáilte Éireann
 - Údarás na Gaeltachta
 - Institiúid Innealtóirí na hÉireann
 - Comhlachas Tráchtála agus Fiontair Thrá Lí
 - FÁS – An tÚdarás Oiliúna agus Fostaíochta
 - CDAOO
 - CDBOO
 - an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil
 - Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
 - Oidhreacht Chorca Dhuibhne

- D'iarradh ar an bhfoireann agus ar na mic léinn a dtuairimí a léiriú i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge. Cuireadh grúpaí fócais mhac léinn ar bun chun smaointe na mac léinn a lorg. Tugadh cuireadh do na príomhluchtanna leasa/príomhchustaiméirí aighneachtaí a dhéanamh, chomh maith. Sa dréachtscéim cuirtear na tuairimí agus na smaointe éagsúla a bhí ag na luchtanna leasa mar a mhínítear thuas san áireamh.

1.3 Cumas Teanga

Cuirtear formhór na seirbhísí a sholáthraíonn ITT ar fáil trí Bhéarla. Tá líon na mball foirne a bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu teoranta agus is lú fós líon na mball foirne a bhfuil cumas scríofa Gaeilge acu. Tá meon dearfach ag an bhfoireann i leith cur chun cinn na Gaeilge áfach, agus measann siad gur chóir é seo a spreagadh níos mó ach tacaíocht dhearfach a thabhairt agus tionscnaimh réamhghníomhacha a chur ar siúl.

1.4 Fobhreathnú ar ITT

1.4.1 An Institiúid

Institiúid Teicneolaíochta is ea ITT atá suite ar dhá champas i nDrom Tacair agus sa Chlais i dTrá Lí. Osclaíodh an Campas Thuaidh i mí Mheán Fómhair 2001 agus tá na háiseanna seo a leanas ar fáil ann: Foirgneamh Gnó/TF; Foirgneamh Óstánaíochta, Lónadóireachta agus Turasóireachta; An tIonad Staidéar Altranais agus Cúram Sláinte; Ionad Gnó Tom Crean agus Páirceanna Imeartha Uile Aimsire agus Féir. Tá Eolaíocht agus Innealtóireacht ar an gCampas Theas mar aon leis na príomhfheidhmeanna riaracháin. Tá Páirc Teicneolaíochta Chiarraí in aice an Champais Thuaidh. Tá tuairim is 16 eagraíochtaí bunaithe sa pháirc agus tá beagnach 200 duine fostaithe inti. Bíonn Páirc Teicneolaíochta Chiarraí agus IT, Trá Lí ag comhoibriú go dlúth lena chéile.

Tairgeann ITT réimse leathan cláracha staidéir sa Staidéar Gnó, Innealtóireacht, Eolaíocht, Ríomhaireacht, Léann Daonna, Óstánaíocht, Lónadóireacht agus Turasóireacht agus san Altranais agus sna hEolaíochtaí Sláinte. Tá tuairim is 2,600 mac léinn aici atá ag freastal ar

chláracha staidéir lánaimseartha, ceirde, ACCS (Carnadh Creidiúintí agus Teastasú Ábhar) agus ar chláracha páirtaimseartha. Ina theannta sin tá níos mó ná 400 ball foirne aici. Tá Oifig Forbraíochta ag an Institiúid a thacaíonn le Nuálaíocht, Fiontraíocht, Taighde, Comhairleacht agus le Forbairt Réigiúnach ar bhonn tráchtála sa réigiún dá bhfónann an Institiúid.

De réir téarmaí Alt 29 agus 30 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 tá údarás tarmligthe ag Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna faoi láthair sa tslí go bhféadann sí dámhachtainí a bhronnadh i leith cláracha múinte ag na Leibhéil 6, 7, 8 agus 9 de chreatlach ÚNCÉ (Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann) ón mbliain acadúil 2004/05 i leith.

1.4.2 An Ráiteas Misin agus an Ráiteas Físe

Is é Ráiteas Misin na hITT:

'Sárobair a dhéanamh i dteagasc, i dtaighde agus in obair fhorbartha chun leasa mac léinn, an tionscail agus an phobail i gcoitinne.'

Bhí an 25ú comóradh bliana ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí i 2002/2003, tráth go raibh ceathrú céid curtha di ag soláthar seirbhísí múinte, taighde agus forbairt do Réigiún an Iardheiscirt agus do cheantair laistiar de le ceathrú céid anuas.

I dteannta le ráiteas misin na hInstitiúide glacadh le ráiteas físe leis, mar seo a leanas:

"Is é feidhm na hInstitiúide, laistigh de chreatlach forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an ardoideachas san Aontas Eorpach agus, i slí níos ginearálta, i stáit na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta araon na nithe seo a leanas a sholáthar:

- Ar shlí éifeachtach chríochnúil
- I dtimpeallacht thacúil ina bhfuil na hacmhainní cuí ar fáil
- Laistigh de chreatlach comhionannais agus deise

cláracha teagaisc il-leibhéil agus gníomhaíocht taighde agus forbartha il-leibhéil a bhfuil teacht éasca orthu agus a:

- fhorbraíonn tuiscint dhoimhin ar réimse staidéir a roghnaíodh;
- fhorbraíonn inniúlacht smaointeoireachta neamhspleách criticiúla agus a chothaíonn léann acadúil;
- dheineann soláthar d'oiliúint agus d'fhorbairt tosaigh agus leanúnach i leith scileanna gairmiúla, bainistíochta, praiticiúla agus teicniúla;
- chuireann deiseanna ar fáil do mhic léinn agus d'fhoireann na hInstitiúide fás intleachtach agus fás pearsanta a bhaint amach;
- threoraíonn chuig dámhachtainí a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- chuireann le heolas agus leis an mbunachar acmhainní daonna a bhaineann d'fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha an Stáit i gcoitinne agus go háirithe an réigiún dá bhfónann an Institiúid agus atá ag teastáil ina dtaobh seo, agus ina gcomhoibrítear le heagraíochtaí eile a bhfuil a leithéid chéanna de mhisin acu;
- a bhfuil an caighdeán cáilíochta is airde dá bhfuil ann acu agus a bhfuil sainmharc na sármhaitheasa orthu."

1.4.3 Custaiméirí agus Cliant

Is iad na mic léinn príomhchustaiméirí na hInstitiúide agus is ina leith atá príomhdhualgas cúraim na hInstitiúide. Lasmuigh de na mic léinn áirítear an Bord Stiúrtha, an fhoireann agus an réigiún dá bhfónann an Institiúid ar a cuid custaiméirí. Bíonn an Institiúid ag idirghníomhú leis an bpobal i gcoitinne agus le hInstitiúidí agus gníomhaireachtaí oideachais eile leis, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta; An tÚdarás Ardoideachais, Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna; Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna; Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann; Institiúid Innealtóirí na hÉireann; TEAGASC; Institiúidí Teicneolaíochta / Ollscoileanna eile; Institiúidí Ardoideachais eile; Scoileanna Dara Leibhéil; Coistí Garimoideachais; Údarás Áitiúla; Forbairt na Sionainne; An tÚFT; Údarás na Gaeltachta; Fáilte Éireann; Comhlachas Tráchtála agus Tionscail Thrá Lí; Ceardchumann; Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann; Fiontar Éireann; FÁS; An Foras Riaracháin, Foras Bainistíochta na hÉireann; An Chomhairle Oidhreachta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, Siamsa Tíre agus soláthraithe Socrúcháin Oibre.

1.4.4 Measúnú ar an méid ina bhfuil fáil ar sheirbhísí trí Ghaeilge cheana féin

Is í an phríomhfheidhm atá ag an Institiúid ná cláracha oideachais ardcháilíochta a chur ar fáil trí Bhéarla (mar aon le líon beag cláracha trí Ghaeilge de réir éilimh) dá cuid mac léinn agus beidh sé seo amhlaidh san am atá amach romhainn de réir gach cosúlachta.

Tairgtear an Ghaeilge mar ábhar roghnach sna cláracha seo a leanas:

Baitsiléir Ealaíon Ilmheáin Idirghníomhacha	Bliain 2, 3 & 4
Baitsiléir Gnó (Onór) Bainistíocht Óstáíochta, Turasóireacht agus Céim Turasóireachta agus Teanga	Bliain 4
Baitsiléir Ealaíon Bainistíocht Córais Fhaisnéise	Bliain 2, 3 & 4
Baitsiléir Ealaíon Craoladh Teilifíse, Raidió agus Meán Nua	Bliain 2, 3 & 4
Baitsiléir Ealaíon i dTeicneolaíocht an Cheoil	Bliain 2, 3 & 4
Ardteastas i gCóras Faisnéise Oifige	Bliain 1 & 2
Baitsiléir Gnó (Gnáthchéim) Cuntasaíocht/Margaíocht/Céim CBF agus Bainistíochta	Bliain 3
Scoil Ghnó & Scoil na hEolaíochta	Gaeilge EBM 7 + Gaeilge EBM 6

Tá sé i gceist an Ghaeilge a chur ar fáil ar fud na hInstitiúide sna blianta amach romhainn más rud é go bhfuil éileamh inmharthana uirthi.

Is trí Bhéarla amháin a chuireann an Institiúid formhór dá cuid seirbhísí ar fáil don bpobal, do luchtanna leasa agus do ghníomhaireachtaí eile (féach Aguisín 1 ina dtugtar samplaí de sheirbhísí a chuireann cuid de Scoileanna/Feidhmeanna na hInstitiúide ar fáil).

1.4.5 Feidhmeanna agus Ranna

<u>Réimse Feidhme</u>	<u>Roinn</u>
Cláraitheoir	Riarachán Acadúil Seirbhísí do Mhic Léinn Scrúduithe Leabharlann
An Oifig Forbraíochta	Gnóthaí Tionsclaíoch / Idirchaidreamh Taighde Oideachais Aosach & Oideachas Leanúnach Forbairt agus Cothú Fiontair
Scoil Ghnó agus an Staidéir Shóisialta	Cuntasaíocht Gnó Margaíocht Faisnéisíocht Ghnó Ilmheáin Cúram Sóisialta agus Oideachas Cúram Luathóige Óstaíocht, Lónadóireacht agus Turasóireacht
Scoil na hInnealtóireachta agus an Staidéir Foirngníochta	Innealtóireacht Shibhialta agus Staidéar Foirngníochta Innealtóireacht Mheicniúil agus Innealtóireacht Leictreonach Innealtóireacht Talmhaíochta Printíseacht Trádála
Scoil na hEolaíochta, an Altranais agus na Ríomhaireachta	Na hEolaíochtaí Ceimice agus Beatha Ríomhaireacht Altranas Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	Airgeadas Acmhainní Daonna Seirbhísí TF Eastáit Oiliúint agus Forbairt Foirne Riarachán & Rúnaíocht

Caibidil 2

Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta na hInstitiúide

Sa chaibidil seo mínítear an córas i leith teangacha oifigiúla atá i bhfeidhm san Institiúid maidir le soláthar ginearálta a cuid seirbhísí.

Le linn tréimhse feidhme na scéime seo déanfaidh an Institiúid níos mó cumarsáide de réir a chéile i mBéarla agus i nGaeilge araon leis an bpobal maidir le gnátheolas faoina cuid seirbhísí. Beidh an méid seo a leanas déanta nuair a bheidh an scéim críochnaithe:

Beidh gach billeog eolais agus gach bróisiúir **nua** ar fáil san dá theanga laistigh den gclúdach céanna ach amháin muna féidir a leithéid a dhéanamh de dheasca méide, nádúir nó de dheasca leagan amach an ábhair. Cuirfear é seo i bhfeidhm ó thús na scéime ar aghaidh.

Cuirfear billeoga eolais agus bróisiúir, foirmeacha clárúcháin s.r.l **atá ann cheana féin** ar fáil san dá theanga de réir an sceidil i gcuid 3.1.2. Cuirfear na doiciméidí seo ar fáil san dá theanga laistigh den gclúdach céanna ach amháin muna féidir a leithéid a dhéanamh de dheasca méide, nádúir nó de dheasca leagan amach an ábhair.

Doiciméadú a thugtar do na mic léinn

Cuirfear doiciméadú atá ann cheana féin agus a thugtar do mhic léinn na dara, na tríú agus na ceathrú bliana agus do mhic léinn iarchéime ar fáil san dá theanga laistigh den gclúdach céanna ach amháin muna féidir a leithéid a dhéanamh de dheasca méide, nádúir nó de dheasca leagan amach an ábhair. Cuirfear é seo i bhfeidhm ag tús na scéime. Tá sonraí maidir leis seo sa i dTábla A thíos.

Níl sé beartaithe na foirmeacha seo a leanas a eisiúint san dá theanga le linn saolré na scéime seo:

- Foirmeacha clárúcháin le haghaidh cúrsaí na céad bhliana
- Litreacha Cúrsa Speisialta a bhaineann le cláracha na céad bhliana
- Mionsonraí an Chlár Ionduchtúcháin
- Doiciméadú atá le tabhairt do mhic léinn na céad bhliana ó thríú páirtithe (foirmeacha grinnfhiosrúcháin ón nGárda Síochána, s.r.l.)

Beidh gach foirm iarratais nua a fhoilseoidh an Institiúid agus an t-ábhar a bhaineann leo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla laistigh den doiciméad céanna i gcónaí.

Má chuirtear foirmeacha iarratais agus billeoga eolais ar fáil mar leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith cinnteoidh an Institiúid go mbeidh an fheiceálacht chéanna ag an dá leagan agus go mbeidh teacht chomh éasca ar an leagan Gaeilge agus atá ar an leagan Béarla.

Is i mBéarla amháin a fhoilseofar billeoga eolais / bróisiúir atá dírithe ar an **margadh idirnáisiúnta**.

Doiciméadú Ginearálta

An Réamheolaire

Beidh na codanna ina dtugtar eolas ginearálta i mBéarla agus i nGaeilge ó thús na scéime ar aghaidh. Beidh na mionsonraí seo a leanas san áireamh iontu:

Clúdach
Fáilte an Stiúrthóra
Ráiteas Misin
10 gCúiseanna chun IT Thrá Lí a roghnú
Riachtanais Iarratais agus Iontrála
Riachtanais Iontrála Ghinearálta
Sainriachtanais Chúrsa
Iarratasóirí a thagann tríd an Lároifig Iontrála
Cáilíochtaí CDBOO
Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Lámhleabhar na Mac Léinn

Beidh an réamheolas i Lámhleabhar na Mac Léinn i mBéarla agus i nGaeilge ó thús na scéime ar aghaidh. Beidh na mionsonraí seo a leanas san áireamh:

Clúdach
An Féilire Acadúil
Clár Ábhar
Fáilte an Stiúrthóra
Mionsonraí faoi Oifig an Chláraitheora
Timpeallacht na hInstitiúide
Na Scoileanna Staidéir

Leabhrán Bronnadh na gCéimeanna:

Beidh an t-eolas ginearálta sa Leabhrán Bronnadh na gCéimeanna i mBéarla agus i nGaeilge araon ó thús na scéime ar aghaidh. Beidh na mionsonraí seo a leanas san áireamh:

Réamheolas
Sceideal an Lae
Admháil
Sár-éachtaí

I réimsí eile

Preaseisiúintí

Eiseofar gach preaseisiúint a bhaineann leis an nGaeilge nó leis an nGaeltacht san dá theanga ar fud tréimhse na scéime ó thosach na scéime ar aghaidh. De bhreis air seo eiseofar 10% de phreaseisiúintí eile in aghaidh na bliana san dá theanga ar fud tréimhse na scéime ó mhí Eanáir 2011 ar aghaidh.

An Suíomh Idirlín – Eolas Ginearálta

Cuirfear eolas a gcuireann an pobal i gcoitinne suim ann agus nach n-athraíonn go minic ar fáil san dá theanga ar an suíomh idirlín. Beidh an 25 leathanach idirlín is mó a dtugtar cuairt orthu ar fáil san dá theanga faoin 1ú Márta 2011:

<http://www.ittralee.ie/en/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/CurrentStudents/Email/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/CurrentStudents/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationAbout/Courses/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/Staff/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/Staff/Email/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/FutureStudents/>
<http://www.ittralee.ie/en/Search/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/CurrentStudents/Library/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationAbout/InstituteandDepartments/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/CurrentStudents/CareersOffice/JobVacancies/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/International/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/Staff/Contact/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/Staff/JobOpportunities/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/Graduates/>
<http://www.ittralee.ie/en/contact.html>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationAbout/NewsandEvents/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/CurrentStudents/CareersOffice/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationAbout/Courses/Part-timeStudy/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationAbout/Courses/BusinessandSocialStudies/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/FutureStudents/SchoolLeavers/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/CurrentStudents/StudentLife/>
<http://www.ittralee.ie/en/InformationFor/Visitors/>

Coinneofar na míreanna seo a leanas i mBéarla le linn tréimhse na scéime:

- Míreanna atá dírithe ar lucht léitheoireachta idirnáisiúnta
- Míreanna de chineál teicniúil speisialaithe
- Cláracha staidéir atá bunaithe san idirlíon (ach amháin cláracha Gaeilge. Cuirfear iad sin ar fáil trí Ghaeilge).
- Míreanna a bhaineann le cláracha atá ann cheana nó le cláracha nua (ach amháin iad siúd atá ar fáil trí Ghaeilge)
- Gearrthóga ó nuachtáin sa teanga ina bhfuilid foilsithe.
- Nasc Idirlín agus nascanna fráma
- Ábhar dinimiciúil a aisghabhtar as bunachair shonraí

Seirbhísí Idirghníomhacha ar líne

Más rud é go bhfuil míreanna idirghníomhacha den suíomh idirlín ar fáil i mBéarla amháin agus go bhfuilid faoi rialú IT Thrá Lí, déanfaimid iad a uasgrádú más féidir é ó thaobh na teicneolaíochta de, a luaithe a ligfidh acmhainní an choláiste agus brú ó obair eile san IT dúinn é seo a dhéanamh. Tabharfar isteach seirbhísí idirghníomhacha nua ar bith mar sheirbhísí dátheangacha más féidir é ó thaobh na teicneolaíochta de.

Suíomh Idirlín na Leabharlainne

Beidh na leathanaigh statacha seo a leanas de shuíomh na Leabharlainne ar fáil san dá theanga ó thús na scéime ar aghaidh. Beidh leathanaigh idirghníomhacha chun an chatalóg a chuardach, chun leabhar a athnuachaint nó a iarraidh agus chun tuairimí nó moltaí a chur isteach san áireamh leis seo.

<http://www.opac.ittralee.ie/>
<http://www.opac.ittralee.ie/screens/LibraryInformation.html>
<http://www.opac.ittralee.ie/screens/SubjectPortals.html>
http://www.opac.ittralee.ie/screens/resources_index.html
<http://exampapers.students.ittralee.ie/>
<http://www.opac.ittralee.ie/patroninfo>
<http://www.opac.ittralee.ie/screens/opacmenu.html>
<http://www.opac.ittralee.ie/screens/ill.html>
<http://www.opac.ittralee.ie/suggest>

Suíomh Idirlín agus Catalóg na Leabharlainne (OPAC)

Úsáidtear Catalóg na Leabharlainne nó OPAC chun ábhar atá sa leabharlann a lorg ar líne. Cuirfear roghanna roghchlár cuardaigh na Catalóige ar fáil i nGaeilge. Tá nascanna ar Shuíomh Idirlín na Leabharlainne chuig bunachair shonraí síntiúis, chuig eolas breise agus chuig acmhainní tacaíochta.

Athrófar eolas atá ar an Suíomh Idirlín agus ar Leathanach Cuardaigh na Leabharlainne cheana féin sa tslí go gcuirfear eolas san áireamh san dá theanga. Is de réir an scéidil seo a leanas a dhéanfar é seo:

Cuardach Catalóige (OPAC):	ó thús na scéime ar aghaidh
Suíomh Idirlín na Leabharlainne:	ó thús na scéime ar aghaidh

Séanadh R-phoist

Tá an séanadh a ghabhann le comhfhreagras r-phoist ar fáil san dá theanga cheana féin.

Óráidí nó Ráitis

Ó thosach na scéime ar aghaidh cuirfear óráidí nó ráitis ar fáil sa teanga nó sna teangacha ina dtugtar iad.

Beidh an Ghaeilge feiceálach de réir mar is cuí in ITT le linn ócáidí tábhachtacha cosúil le searmanais bhronnta. Déanfar é seo trí cuid de na príomhaithisc a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla, mar shampla aitheasc an Stiúrthóra nó aitheasc ó Chathaoirleach an Bhord Stiúrtha.

Deasc Fáiltithe/Seirbhísí Laisc-chlár

Oibrítheoir na Deisce Fáiltithe/an Laisc-chlár: Ó thosach na scéime ar aghaidh beidh an Institiúid ag baint úsáide as laisc-chlár a fhreastalaíonn go huathoibríoch ar ghlaonna agus a thugann liosta de na roghanna as Gaeilge. Cinnteoidh an Institiúid go ndéarfaidh oibrítheoir an laisc-chlár ainm na hInstitiúide as Gaeilge, go bhfuil na beannaithe bunúsacha ar eolas aige nó aici as Gaeilge agus go gcuirfidh sé/sí glaonna ar aghaidh chuig ball ainmnithe den bhfoireann a bhfuil ar a c(h)umas plé leis an bhfiosrú trí Ghaeilge.

Foilseacháin eile de chuid na hInstitiúide

Gabhann an Institiúid uirthi foirmeacha dearbhú leasa do bhaill an Bhoird Stiúrtha agus don mBainisteoir a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon faoi dheireadh na scéime. De réir forálacha ailt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 cuirfear an Plean Straitéiseach, an Tuarascáil Bhliantúil s.r.l. ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon, chomh maith.

Beartas maidir le Cruinnithe Poiblí

Ní reáchtálann an Institiúid aon chruinnithe poiblí sa nGaeltacht faoi láthair. Cuireann sí a cuid cruinnithe poiblí go léir ar siúl trí Bhéarla.

Logainmneacha Gaeltachta

Úsáidfidh an Institiúid Logainmneacha Oifigiúla na gCeantar Gaeltachta chun chun críocha oifigiúla.

Caibidil 3

Achoimre ar Sheirbhísí / Ghníomhaíochtaí atá á Soláthar ag na Ranna

3.1 Réamheolas

Sa chaibidil seo mínítear an scéal i ndáil le soláthar seirbhíse/idirghníomhú seachtrach na Ranna laistigh den Institiúid agus leis an bpobal i gcoitinne. Tugtar liosta de na réimsí tosaíochta a ndéanfar beart ina leith faoin scéim seo.

3.1.1 Tosaíocht i gcomhair na Scéime seo

Is iad na tosaíochtaí atá againn sa scéim seo ná:

- Cumas na hInstitiúide a chur chun cinn seirbhísí a chur ar fáil dár gcustaiméirí trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.
- Déileálfar trí Ghaeilge le fiosruithe ginearálta laistigh den rannóg Iontrála agus de rannóg na Scrúduithe in Oifig an Chláraitheora ó thosach na scéime ar aghaidh. Cuirfear oiliúint ar an bhfoireann de réir mar a bhíonn gá léi.
- Tuiscint na foirne ar an scéim a chur chun cinn trí ionduchtú agus trí chumarsáid rialta.
- Cumas Gaeilge agus léirthuiscint na foirne ar an nGaeilge a fheabhsú trí oiliúint agus fhorbairt.
- Seirbhísí do na mic léinn a fhorbairt trí dhoiciméadú dátheangach agus trí sheirbhís theoranta duine le duine i réimsí sainithe.
- Líon na gcúrsaí a mhéadú a bhféadann na céimithe a thagann astu a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge go hinniúil (má tá éileamh ar cúrsaí dá leithéid)

3.1.2 Sainbheart agus Sainghníomhaíochtaí

Le linn saolré na scéime seo déanfar obair ullmhúcháin d'fhonn tabhairt faoi seirbhís chustaiméara duine le duine den scoth a sholáthar go ginearálta sa dara scéim agus i scéimeanna dá éis, go háirithe ó Oifig an Chláraitheora.

- I dtábla A thíos sonraítear na foirmeacha, na billeoga agus doiciméadú eile a chuirfear ar fáil ó Oifig an Chláraitheora, ó Oifig an Uachtaráin, ó Oifig an Rúnaí agus an Rialtóir Airgeadais agus ón Leabharlann.
- Tabhairt isteach fhoirmiúil na Gaeilge ag aitheasc an Stiúrthóra don bhfoireann i mí Mheán Fómhair 2011.
- Soláthraithe oiliúna Gaeilge a fháil a chuireann ranganna oíche nó cúrsa in ardghráméar ar fáil.
- Lucht acadúil/cainteoirí a aimsiú i gcomhair agallamh as Gaeilge leis an raidió/teilifís, m. sh. TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió Chiarraí.
- Oiliúint chumarsáide as Gaeilge a chur ar fáil do na cainteoirí seo.
- Deontaisí a chur ar fáil do bhaill foirne a ghlacann páirt i gcúrsaí de chuid Gaeleagrais sa nGaeltacht.

- Foirmeacha clárúcháin na mac léinn a chur ar fáil san dá theanga nó an leagan Gaeilge leis féin.
- Foclóir Gaeilge/Béarla a chur ar fáil.
- Tairiscintí: ó thosach na scéime glacfaidh an Institiúid le tairiscintí as Gaeilge agus as Béarla.
- Ó thosach na scéime cuirfidh an Leabharlann téacsleabhair Ghaeilge agus ábhar foghlama ábhartha ar fáil.
- Ó thosach na scéime beidh liosta na bpraghsanna i mbialann na hInstitiúide as Gaeilge.

Tábla A Gealltanas go dtabharfar isteach doiciméadú scríofa i nGaeilge

Réimse	Teideal an doiciméid	Dáta
Cláraitheoir	Tríú Bliain Fhorlíontach Gnáthchéim: Billeoga Eolais	tús na scéime
Cláraitheoir	Tríú Bliain Fhorlíontach Gnáthchéim: Foirmeacha Iarratais	tús na scéime
Cláraitheoir	Ceathrú Bliain Fhorlíontach Céim Onórach: Billeoga Eolais	tús na scéime
Cláraitheoir	Ceathrú Bliain Fhorlíontach Céim Onórach: Foirmeacha Iarratais	tús na scéime
Cláraitheoir	Gach cúrsa eile: Foirmeacha Iarratais/Aistrithe	tús na scéime
Cláraitheoir	Gach cúrsa eile: Billeoga Eolais	tús na scéime
Cláraitheoir	Cláracha Iarchéime múinte: Billeoga eolais/bróisiúir	tús na scéime
Cláraitheoir	Cláracha Iarchéime múinte: Foirmeacha Iarratais/Clárúcháin	tús na scéime
Cláraitheoir	Réamheolaire (Codanna ina dtugtar eolas ginearálta)	tús na scéime
Cláraitheoir	Lámhleabhar na Mac Léinn (Cuid an Réamheolais)	tús na scéime
Cláraitheoir	An Leabhrán Bronnta Céime (Cuid ina dtugtar eolas ginearálta)	tús na scéime
Uachtarán	An Plean Straitéiseach	Deireadh Fómhair 2013
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	An Tuarascáil Bhliantúil	tús na scéime
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	Foirmeacha Dearbhú Leasa do bhaill an Bhoird Stiúrtha agus don mBainisteoir	Deireadh Fómhair 2013
Leabharlannaí	Treoirleabhar Ginearálta na Leabharlainne	tús na scéime
Leabharlannaí	Cuardach na Catalóige	tús na scéime
Leabharlannaí	Leabhair a athnuachaint ar líne	tús na scéime
Leabharlannaí	Logáil isteach chuig 'My Library' a chruthú agus a athrú (Focal Faire Leabharlainne)	tús na scéime

3.1.3 Tacaíochtaí eile

Cuireadh Cumann Gaelach ar bun chun imeachtaí éagsúla a eagrú lena gcuirtear an Ghaeilge ar aghaidh. Tá tionchar an-dearfach aige seo ar chur chun cinn na Gaeilge san Institiúid. Geibheann an Cumann maoiniú bliantúil ón Institiúid agus cuireann sé tuarascáil bhliantúil isteach mar chuid dá ghníomhaíochtaí. Eagraíonn an grúpa seo imeachtaí ar fud na bliana agus i gcaitheamh Seachtain na Gaeilge leis. Is féidir le baill foirne agus le mic léinn a bheith ina mbaill den gclub seo. Is iad na himeachtaí a chuireann siad ar siúl ná:

- Teanga a fhéadfair a úsáid le do leanaí.
- Oíche shóisialta, m. sh. léamh filíochta, amhránaíocht, rince, oíche Caife Ghaelaigh, blaiseadh bradáin.
- Gearr-léachtaí, m. sh. ar logainmeacha nó ar ábhair suime.
- Turasanna bus Seandálaíochta/Staire as Gaeilge.
- Tráth na gCeist Boird as Gaeilge.
- Sacar cúigear an taobh as Gaeilge.
- Toráíocht Taisce as Gaeilge.
- Siúlóid as Gaeilge.
- Maidin/tráthnóna caife.
- Bainistiú Struis as Gaeilge.

Cuireann an Cumann Gaelach an Ghaeilge chun cinn mar seo:

- Oibríthe deonacha a lorg ar fud na hInstitiúide chun seirbhísí a sholáthar agus chun cabhrú linn an scéim a chur i ngníomh agus acmhainní a chur ar fáil dá leithéidí de bhaill foirne (m. sh. foclóirí Gaeilge, s.r.l.)
- Roghanna oiliúna a phlé le baill foirne a chuireann suim sa Ghaeilge agus cláracha forbraíochta a mholadh a chuireann an Ghaeilge chun cinn in ITT.
- An Ghaeilge chumarsáideach a chur chun cinn san Institiúid.
- Tinreamh agus oiliúint na foirne a chur ar aghaidh in éineacht leis an Institiúid ar imeachtaí ina gcuirtear béim ar scileanna labhartha agus éisteachta cé go dtugtar aird ar an nGaeilge scríofa, leis.
- Feasacht teanga a chur san áireamh mar chuid den ionduchtúchán bliantúil do bhaill foirne nua.
- Creidiúnú a thabhairt de réir mar is cuí mar thoradh ar chúrsaí atá déanta ag baill foirne.
- Imeachtaí éagsúla a eagrú chun aitheantas a thabhairt dár gcultúr agus chun é a cheiliúradh.
- Éascaíocht a dhéanamh don bhfoireann agus do mhic léinn a n-ainmneacha Gaeilge a úsáid.

Tá ranganna Gaeilge á reáchtáil ag Oidreacht Chorca Dhuibhne san Institiúid gach seachtain le linn na Bliana Acadúla chun IT Thrá Lí a ullmhú i gcomhair an chéad chéim den scéim agus chun cur le scileanna na foirne i réimsí eile mar ullmhú i gcomhair an chéad chéad chéim eile den scéim.

3.2 Oifig an Chláraitheora

3.2.1 Seirbhísí Acadúla (Oifig an Chláraitheora)

Tá Oifig an Chláraitheora freagrach as mic léinn a earcú, as iontráil, clárú agus as measúnú a dhéanamh ar mhic léinn. Is í an oifig seo an chéad phointe teagmhála atá ag custaiméirí nua agus ag custaiméirí ionchasacha. Cuireann an Oifig cúrsaí ar aghaidh, eagraíonn sí cuairteanna agus cuireann sí amach an Réamheolaire agus Lámhleabhar na Mac Léinn.

3.2.2 An Leabharlann

Treoirleabhar na Leabharlainne

Beidh Treoirleabhar na Leabharlainne dátheangach ó thús na scéime ar aghaidh. Cuireann an leabharlann réimse billeoga eolais amach lasmuigh de Threoirleabhar Ginearálta na Leabharlainne. Tá gealltanais maidir leis na billeoga eolais seo san áireamh i dtábla A thuas.

3.3 An Oifig Forbraíochta

3.3.1 Roinn na Seirbhísí Seachtracha

Is é a dheineann Roinn na Seirbhísí Seachtracha ná tacú le hoiliúint agus le comhairleacht, le haistriú teicneolaíochta agus le forbairt pobail. Bíonn an Roinn seo i dteagmháil le gníomhaireachtaí forbartha, le heagraíochtaí trádála agus gairmiúla agus le grúpaí ionadacha dá short.

Dá mba rud é go raibh éileamh ar sheirbhís chomhairleachta trí Ghaeilge sannfar an cúram seo do bhaill foirne a bhfuil Gaeilge acu.

3.3.2 Taighde

Scaipeann an Oifig Forbraíochta eolas maidir le cláracha taighde. Tacaíonn sí le tograí taighde, le hearcú taighdeoirí agus lasmuigh de sin deineann sí monatóireacht agus bainistiú ar thionscnamh cláracha, ar a ndul chun cinn agus ar a gcur i gcrích. Tacaíonn sí le feabhas a chur ar chumas taighde na hInstitiúide. Dá mba rud é go raibh an Ghaeilge ina riachtanas inmhianaithe i dtionscadal taighde luafar í mar riachtanas laistigh de chreatlach na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta comhaontaithe nuair a bheifear ag earcú taighdeoirí i gcomhair tionscadal dá leithéid.

3.3.3 Oideachas Aosach agus Oideachas Leantach

Is é a dheineann an roinn seo ná cúrsaí a fhógairt agus oícheanta eolais do mhic léinn ionchasacha agus do chuideachtaí a eagrú. Chomh maith leis sin táirgeann sí Réamheolaire an Oideachais Aosaigh agus Leantaigh.

3.3.4 Oifig na nEastát

Táirgeann Oifig na nEastát doiciméadú tairisceana i gcomhair conarthaí tógála agus cothabhála agus tá sí freagrach as comharthaí leis.

3.3.5 Seirbhísí Acadúla (An Oifig Forbraíochta)

Beidh cuairteanna scoile chun na Gaeltachta agus chuig Gaelscoileanna i gceantair lasmuigh den nGaeltacht ar fáil trí Ghaeilge agus cuirfear chun cinn go gníomhach iad.

3.4 Na Scoileanna Staidéir

Tá trí Scoileanna Staidéir i mbun príomhghníomhaíochta na hInstitiúide. Laistigh de struchtúr roinne cuirtear cúrsaí ar fáil i réimse leathan disciplíní faoi na teidil chineálacha leithne seo: Gnó, Eolaíocht agus Innealtóireacht.

I láthair na huairé soláthraítear na cláracha staidéir go léir trí Bhéarla. Tairgtear an Ghaeilge mar ábhar roghnach má tá dóthain éilimh air. I láthair na huairé níl aon fhianaise againn go bhfuil éileamh ar chúrsaí breise trí Ghaeilge a chosnódh an infheistiú a bheadh ag teastáil chun cúrsaí dá shórt a chur ar siúl. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an scéal seo, áfach, agus tabharfar cúrsaí breise isteach de réir éilimh agus faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil chun cúrsaí a chur ar siúl.

3.5 Oifig an Rúnaí/Rialtóir Airgeadais

3.5.1 Airgeadas

Tá an Oifig Airgeadais freagrach as cúrsaí soláthair agus íocaíochta. Dá bhrí sin is í an Oifig seo a fhógraíonn conarthaí, a dheineann na doiciméidí tairisceana, a íocann sonraisc agus tuarastail agus a ullmhaíonn na cuntaisí bliantúla. Glacann an Institiúid le tairiscintí i mBéarla agus i nGaeilge faoi láthair.

3.5.2 Acmhainní Daonna

Tá an roinn seo freagrach as folúntais foirne a fhógairt, as foirmeacha iarratais a dhéanamh, as jpostanna a shainiú agus as agallaimh a shocrú. Chomh maith leis sin tacaíonn Roinn na nAcmhainní Daonna le sprioc na hInstitiúide go gcinntítear go mbíonn dóthain deiseanna ag na baill foirne na scoileanna, an t-eolas agus an inniúlacht siúd a fháil a chuireann ar a gcumas a gcuid dualgaisí a chomhlíonadh go héifeachtúil agus a lánacmhainneacht a bhaint amach. Cuirfidh Roinn na nAcmhainní Daonna deiseanna ar fáil do na baill foirne a gcumas a chur chun cinn agus seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge:

- Trí oiliúint sa Ghaeilge a chur chun cinn go gníomhach
- Trí baill foirne a bhfuil a leithéid de chumas acu a chur sna háiteanna cuí; déanfar é seo ar fud na hInstitiúide de réir éilimh.
- Trí earcaíocht a dhéanamh trí Ghaeilge má bhíonn gá ar leith leis, is é sin, modúil mhúinte a sheachadadh trí mheán na Gaeilge.

Cuirfear gach ball foirne nua agus gach ball foirne reatha ar an eolas faoi na deiseanna forbartha atá ar fáil chun a gcuid Ghaeilge a fheabhsú.

Cuirtear na deiseanna seo a leanas ar fáil cheana féin don bhfoireann:

- Ranganna Gaeilge seachtainiúla ar an láthair le linn na Bliana Acadúla.
- Cúrsaí de chuid Gaelagrais.
- Ranganna Gaeilge istoíche.
- Sainoiliúint Ghaeilge ar an láthair d'fhoireann Oifig an Chláraitheora mar aon le hoiliúint bhreise lasmuigh den Institiúid i gCorca Dhuibhne.
- Ábhar Gaeilge ar fáil sa Leabharlann.
- Beidh baill foirne ábhartha atá ag obair i réimsí eile ag freastal ar chúrsaí Gaeilge i gCorca Dhuibhne chun a chur ar a gcumas plé le ceisteanna ó chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

3.5.3 TF

Soláthraíonn Roinn na Seirbhísí Ríomhaireachta seirbhísí TF agus cumarsáide don Institiúid.

Ós rud é gurb iad cuideachtaí tríú páirtí is mó a sholáthraíonn formhór na bhfeidhmchláracha agus na gcóras braitheann Roinn na Seirbhísí Ríomhaireachta ar na cuideachtaí seo maidir le leagan Gaeilge dá mbogearraí/dá gcórais a sholáthar.

Nuair a bheidh córais nua á gceannach ag an Institiúid nó nuair a bheidh córais reatha á uasghrádú aici áfach, déanfar deimhin de gur féidir leis na córais sin an Ghaeilge a láimhseáil. Dá réir sin aithneoidh an Institiúid an gá le tacaíocht don nGaeilge a sholáthar i sonraíocht na gcóras.

Le linn na scéime reatha tabharfar an dá theanga isteach i gcórais ríomhaire nua ar bith ag an am céanna más rud é go bhfuil siad faoi rialú IT Thrá Lí. Le linn na tréimhse céanna cuimseofar rogha Gaeilge in uasghrádú ar bith a dhéanfar ar chórais ríomhaire nach bhfuil ar fáil ach i mBéarla amháin i láthair na huaire.

Caibidil 4

Monatóireacht agus Athmheas

Déanfaidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearach athmheas ar oibriú éifeachtúil na scéime go rialta. Taifeadfar dul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil. Is é an Cláráitheoir go príomha a dhéanfaidh an ghnáthmonatóireacht laethúil agus is é an Cláráitheoir leis atá freagrach as an scéim a chur i ngníomh in Oifig an Chláráitheora.

Sonraíonn an scéim na spriocanna atá ITT ag iarraidh a bhaint amach sa chéad tréimhse trí bliana agus léiríonn sí na réimsí tosaíochta. Is í Foireann Bainistíochta Shinsearach na hInstitiúide atá freagrach as monatóireacht agus athmheas a dhéanamh.

Leagadh amach na cuspóirí seo a leanas chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn:

- Monatóireacht ar chruthú in aghaidh clár ama na scéime
- Monatóireacht ar mhinicíocht agus ar nádúr na ngearán
- Monatóireacht ar chur i ngníomh bearta maidir le soláthar foirne agus oiliúint atá leagtha amach sa scéim
- Suirbhéanna tréimhsiúla a dhéanamh ar thuairimí chun meon na gcustaiméirí a thástáil
- Moltaí i gcomhair feabhsuithe a bhreacadh síos
- Tuairisc a thabhairt sa Tuarascáil Bhliantúil más féidir athmheas a dhéanamh ar chruthú in aghaidh gealltanais
- Athmheas inmheánach chun gach comhfhreagras a fuair an Institiúid agus tuairimí foireann na líne tosaigh agus na maoirseoirí a chur san áireamh.
- Monatóireacht ar an léibhéal éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge chun na réimsí siúd a aimsiú ar chóir na hacmhainní a dhíriú orthu san am atá amach romhainn.

Athmheas

Déanfar athmheas ar an scéim go tráthrialta. B'fhéidir go bhfaighfear a dtuairimí ó chustaiméirí seachtracha agus inmheánacha chun a fháil amach cad í an fhreagairt don gcéad scéim.

Úsáidfeair eolas a fuarthas ón bpróiseas athmheasa ar mhaithe leis an dara scéim agus i gcomhair scéimeanna a thiocfaidh ina dhiaidh sin.

Tá an Institiúid buíoch de gach aoine a bhfuil baint aige nó aici le forbairt dréachtscéim na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí as a gcuid ama agus a gcuid oibre.

Tugtar faoi ndeara nach bhfuil aon fhaomhadh i gcomhair foirne breise faighte ag an Institiúid ón Údarás Ardoideachais faoina fhreagra um Cláracha agus Buiséad.

Caibidil 5

Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Poibleofar ábhar na scéime seo mar aon leis na gealltainais agus na forálacha chuig an bpobal i gcoitinne mar seo a leanas:-

- Preaseisiúint;
- Seoladh oifigiúil na scéime;
- Scaipfear ar na gníomhaireachtaí agus ar na comhlachtaí poiblí cuí é;
- Suíomh idirlín.

Cuirfear cóip den scéim chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Is é an leagan Gaeilge / Béarla bunleagan na scéime seo.

Aguisín 1

Sampla de na Seirbhísí atá á gcur ar fáil ag na Scoileanna agus ag Seirbhísí Lárnacha eile

Seirbhís á soláthar	I mBéarla amháin	I mBéarla agus i nGaeilge	I nGaeilge amháin
chuig Mic Léinn agus chuig Daoine agus Comhlachtaí Seachtracha			
Cúrsaí lánaimseartha – réimse leathan ina n-áirítear Gnó		☐	
Léann Daonna, Innealtóireacht, Eolaíocht agus Ríomhaireacht	☐		
Ealaín & Dearadh, Altranas agus Cúram Sláinte	☐		
Cúrsaí Páirtaimseartha	☐		
Oícheanta/Laethanta Eolais	☐		
Comhdhálacha a óstáil	☐		
Áirithintí Seomraí	☐		
Léachtaí oscailte	☐		
Laethanta oscailte	☐		
Cainteanna Scoile		☐	
Eolas chuig Iarratasóirí, is é sin, bróisiúir, billeoga eolais		☐	
Láithreireachtaí Scoile	☐		
Eolas Socrúcháin	☐		
Taighde agus Comhairleacht	☐		
Cúrsaí for-rochtana	☐		
Scrúdúchán seachtrach	☐		
Rannpháirtíocht i gComórtaisí / Imeachtaí	☐		
Gníomhaíochtaí um Forbairt Curaclaim	☐		
Imeachtaí maidir le Bailíochtú Cúrsaí	☐		
Ballraíocht Chumann Gairmiúil / Chomhairlí Gairmiúla	☐		
Idirchaidreamh le Comhlachtaí seachtracha	☐		
Ballraíocht Ghrúpaí Oibre Saineolacha	☐		
Ballraíocht Phainéal agallaimh (más ábhartha)		☐	
Eolas don Tionscal	☐		
Doiciméidí Ceannaigh / Tairisceana	☐		
Bialanna / Beár agus Lónadóireacht d'Ócáidí	☐		
Fiontraíocht agus Tionscnamh agus Forbairt Gnó	☐		
Idirchaidreamh leis an Tionscal	☐		
Comhairliú um idirchaidreamh tionsclaíoch	☐		
Seirbhísí do mhic léinn	☐		
Próiseas Tairisceana	☐		
Seirbhís Leabharlainne	☐		
Treoirleabhar na Leabharlainne		☐	
Leideanna sa chatalóg leabharlainne ar líne		☐	
Gnóthaí inmheánacha			
Boird Scoile agus Boird Chláir	☐		
Grúpaí Oibre	☐		
Cláracha múinte		☐	
Cláracha taighde	☐		
Eolas do Mhic Léinn		☐	
Eolas don bhFoireann	☐		
Socrúcháin Mac Léinn	☐		

